

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## Bácáil sa mBaile: Cáca Seacláide

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Seo oideas le cáca seacláide a bhácáil. Nuair atá an cáca bácáilte (ag an bpáiste féin nó ag thuismitheoir agus páiste), is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an Aoine 27 Márta mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Dearbhán €40 dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

### Cáca Seacláide

#### Comhábhair:

175g plúr éiritheach

2 spúnóg bhoird púdar cócó

1 taespúnóg sóid aráin  
(décharbónáit sóidiam)

150g siúcra mín

2 spúnóg bhoird órshúlach

2 ubh

¼ pionta ola lus na gréine

¼ pionta bainne

#### Comhábhar don Reoán:

75g im gan salann

175g siúcra reoáin

2 ½ taespúnóg púdar cócó

1 spúnóg bhoird bainne

1. Téigh an t-oigheann go 180°C
2. Cuir gréisc ar dhá stán 18cm
3. Criathraigh an plúr, an cócó agus an tsóid isteach i mbabhla
4. Cuir isteach an siúcra agus measc lena chéile iad
5. Déan tobar sa meascán agus doirt isteach an bainne, an ola agus an t-órshúlach. Measc go maith iad go mbeidh siad mín.
6. Doirt an meascán isteach sna stáin
7. Bácáil san oigheann ar feadh 25-30 nóiméad
8. Tóg amach agus fág go leataobh iad le fuarú

TÍO(FAIMID  
SLÁN'



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta

## An Reoán

1. Measc an siúcra agus an t-im
2. Cuir isteach an cócú agus doirt isteach an bainne go mbeidh an meascán mín
3. Nuair atá na cácaí fuaraithe, tóg amach as na stáin iad
4. Scaip an reoán ar cheann de na cácaí agus leag an cáca eile ar a bharr
5. Criathraigh siúcra reoáin ar a bharr chun é a mhaisiú

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Seolfar na duaiseanna amach sa phost tar éis an 29 Márta. Beifear i dteagmháil tríd an seoladh ríomhphoist sa chás is go dtiocfaidh aon athrú ar an dáta seo. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.

'TIOCFAIMID  
SLÁN'



Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreachta agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta